Cuntas Leithreasa 2019

# Vóta 9

# Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 9, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 ar thuarastail agus ar speansais Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, lena n-áirítear seirbhísí áirithe eile atá á riar ag an Oifig sin.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2019, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €4.159 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach i gCiorclán 27 de 2019 de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú leis na heisceachtaí sa liosta anseo.

***Sócmhainní caipitil: feithiclí agus trealamh***

Gearrtar dímheas ar shócmhainní ar bhonn bliana iomláine.

Tá feithiclí urghafa atá leithreasaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim san áireamh sna sócmhainní caipitil ag luach an mhargaidh oscailte ag am an leithreasaithe agus déantar iad a dhímheas ag ráta 20% sa bhliain ar bhonn líne dírí.

Dímheastar cuitéar na gCustam ag ráta 5% sa bhliain ar bhonn líne dírí.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á oibriú ag an Oifig.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas eile mar Cheann Oifige. Freisin, ní fhéadann aon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó a aimsiú in am trátha. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Seirbhísí comhroinnte***

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam i ndáil le riachtanais an chomhaontaithe bainistithe seirbhíse idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí roinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Braithim ar litir dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte i ndáil le seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a chur ar fáil.

Is mar seo a leanas atá an suíomh maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta um riarachán, tuairisciú bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na heilimintí seo a leanas ann.

- Rinneadh freagrachtaí airgeadais a shannadh ag leibhéal bainistíochta leis an gcuntasacht chomhfhreagrach.
- Tá socruithe tuairiscithe curtha ar bun ag gach leibhéal ina bhfuil freagrachtaí bainistithe airgeadais sannta.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus a chinntiú go nglactar gníomh ceartaitheach cuí.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid freagrachtaí maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá doiciméadú déanta ar na nósanna imeachta do na príomhphróisis ghnó uile.
- Tá córais ar bun chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta. Folaíonn sé seo na heilimintí seo a leanas

- tá córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a gcoinníonn an lucht ardbhainistíochta faoi athbhreithniú é
- déanann lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuairiscí airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- tá córais ann a dhíríonn ar shlándáil na bhfeidhmchlár TFC a chinntiú, go háirithe maidir le cibearbhagairtí agus ionsaithe mailíseacha; agus
- tá treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil ann chomh maith le disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail .

Tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh d'Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim. Folaíonn na maoluithe a úsáidtear chun riosca a bhainistiú

- struchtúir rialachais na gCoimisinéirí Ioncaim
- scanadh timpeallachta lena chinntiú go bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim ar an eolas faoi na tionchair a mbíonn éifeacht acu ar riosca, amhail an Breatimeacht
- córas pleanála straitéisí/gnó agus bainistithe riosca comhtháite a dhéanann athbhreithnithe rialta ar rioscaí ag an leibhéal eagraíochtúil, rannóige agus brainse, agus
- modheolaíochtaí bainistíochta tionscadail do na tionscadail shuntasacha uile.

## *Neamh-chomhlíontacht le rialacha soláthair*

Cinntíonn an Oifig go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíontacht leis na treoirlínte ábhartha a chinntiú. In 2019, chomhlíon an Oifig treoirlínte náisiúnta agus rialacháin an AE seachas an méid seo a leanas

- €26,380 do sheachadadh riachtanach doiciméad íogair dlí. Cuirfear an tseirbhís seo amach ar tairiscint chun dul i ngleic le riachtanais amach anseo.
- €34,452 maidir le hiompar agus troscán a chur le chéile chun éascú a dhéanamh ar oifigí a fheistiú le linn 2019. Bhí éileamh ard ar chóiríocht nua le linn 2019 chun freastal ar na baill foirne nua a earcaíodh don Bhreatimeacht. Tá glaoch ar thairiscintí á ullmhú ag na Coimisinéirí Ioncaim faoi láthair chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais amach anseo.

- €43,803 maidir le húsáid seirbhísí luathscríbhneoireachta. Tá an soláthraí seirbhíse ag glacadh páirt i gcreat de chuid na hOifige um Sholáthar Rialtais (OSR), ach níor cuireadh beart tairisceana i gcrích. Tabharfar aghaidh ar an tsaincheist seo le haghaidh riachtanas amach anseo.
- €480,336 a bhaineann le teileafónaíocht shoghluaiste. Tar éis mionchomórtais, bronnadh conradh teileafónaíochta soghluaiste i mí an Mhárta 2020.
- €168,913 a bhaineann le conarthaí seanbhunaithe le haghaidh seirbhísí teileafónaithe. Chuir na Coimisinéirí Ioncaim deireadh le gach conradh den chineál sin le héifeacht ón 30 Meán Fómhair 2019. Baineann an méid a thaispeántar le caiteachas suas go dtí an dáta sin.

Is é polasaí m'Oifige leas a bhaint as na creataí lárnacha uile atá ar fáil chomh luath agus atá praiticiúil, agus caidreamh a bhunú leis an Oifig um Sholáthar Rialtais sa chás go bhfuil riachtanais níos sainiúla againn. Fanfaidh rialuithe i bhfeidhm chun comhlíontacht a chinntiú leis an straitéis seo.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Oifig le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairt iniúchóireachta inmheánaí scríofa fhoirmiúil. Bonn eolais dá chuid oibre is ea an anailís ar na rioscaí airgeadais sin a bhfuil an Oifig neamhchosanta orthu, agus tá a chuid pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, arna gceadú agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchóireachta an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí a athbhreithniú ó am go chéile. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ngníomhaítear ar thuairiscí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistithe riosca curtha i bhfeidhm ag an Oifig seo trína n-aithnítear agus trína dtuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhaíochtaí atá á dtógáil chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin, agus dá mhéad is féidir, iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí ar bun a aithníonn na príomhrioscaí don Oifig seo agus rinneadh iad seo a aithint, a mheas agus a ghrádú de réir a ndóchúlachta agus dtionchair. Sonraítear sa chlár rioscaí na gníomhartha a theastaíonn chun na rioscaí a mhaolú agus bíonn na gníomharthaí seo comhtháite isteach i bpróiseas pleanála straitéisí agus gnó na gCoimisinéirí Ioncaim. Déanann an Coiste Bainistíochta Riosca (RMC) an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn ráithiúil agus cuireann an Coiste Comhairleach Bainistíochta (*MAC*) ar an taifead é. Cuireann an Coiste san áireamh chomh maith aiseolas a fhaightear ó na bainisteoirí rannóige nuair atá cinneadh á dhéanamh ar chóir athruithe a dhéanamh ar thosaíocht nó ar rangú riosca.

Tá Aonad Cosanta Sonraí ar bun a bhfuil freagracht aige as bainistiú agus riar foriomlán na cosanta sonraí sna Coimisinéirí Ioncaim. Tá Oifigeach Cosanta Sonraí ann chomh maith arb é a phríomhról comhlíontacht a chinntiú leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus polasaithe cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd a bhíonn freagrach as gníomh ceartaitheach a chur i bhfeidhm agus don bhainistíocht agus don *MAC*, nuair is cuí, in am is i dtráth. Deimhním go bhfuil príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara aitheanta agus tá próisis curtha ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Oifig seo le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta do bhainistiú agus rialú riosca. Bonn eolais is ea obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha é do mhonatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais, agus tá lucht ardbhainistíochta taobh istigh den Oifig seo freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Deacrachtaí rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais i ndáil le 2019 nach mór a nochtadh sa chuntas leithreasa.

**Niall Cody**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

30 Iúil 2020

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráíd Thithe an Oireachtas

## Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 9, Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairim, tá an méid seo a leanas fíor faoin gcuntas leithreasa

- go léiríonn sé i gceart fáltais agus caiteachas Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019, agus
- gur ullmhaíodh é san fhormáid a d'ainmnigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Reáchtáil mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, de réir mar atá fógartha ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Ard-Institiúidí Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar m'fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá do na Cuntais Leithreasa*. Tá mé neamhspleách ar Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim agus tá mo fhreagrachtaí eile eitice comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta atá faighte agam dóthanach agus cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais, agus ar ábhair eile

Tá ráiteas curtha i láthair ag an Oifigeach Cuntasaíochta ar an rialú inmheánach airgeadais, in éineacht leis an gcuntas leithreasa. Tá cur síos déanta san *Réamhrá do na Cuntais Leithreasa* ar mo fhreagrachtaí tuairisciú a dhéanamh i ndáil leis an bhfaisnéis sa ráiteas, agus ar ábhair eile a ndéanaim tuairisciú orthu d'eisceacht.

#### *Neamhchomhlíonadh le rialacha soláthair*

Cuirim ar d'aird an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais ina nochtar gur thaibhigh na Coimisinéirí Ioncaim caiteachas suntasach i rith 2019 maidir le hearraí agus seirbhísí nár chomhlíon na socruithe soláthair na treoirlínte maidir le soláthar. Leagtar amach sa ráiteas seo, chomh maith, na bearta a ndeachaigh na Coimisinéirí Ioncaim ina mbun chun dul i ngleic leis na saincheisteanna a tháinig chun solais.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

31 Iúil 2020

# Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

## Cuntas Leithreasa 2019

| | | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas cláir** | | | | | |
| A | Riar agus bailiú cánacha agus dleachtanna agus bainistiú teorann | | | | |
| | *Bunaidh* | 446,067 | | | |
| | *Forlíontach* | 4,104 | | | |
| | | | 450,171 | 449,066 | 424,789 |
| **Caiteachas comhlán** | | | **450,171** | **449,066** | **424,789** |
| | *Lúide* | | | | |
| B | **Leithreasuithe i gcabhair** | | **67,487** | **70,541** | **71,611** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 378,580 | | | |
| | *Forlíontach* | 4,104 | | | |
| | | | **382,684** | **378,525** | **353,178** |

**Farasbarr**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime dlite le géilleadh don Státchiste.

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Farasbarr le géilleadh** | **4,159,000** | **3,701,000** |

**Niall Cody**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

30 Iúil 2020

## Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

### Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2019

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Pá | | 319,115 | 302,969 |
| Neamhphá | | 129,951 | 121,820 |
| **Caiteachas comhlán** | | **449,066** | **424,789** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasuithe i gcabhair** | | **70,541** | **71,611** |
| **Glanchaiteachas** | | **378,525** | **353,178** |
| | | | |
| **Athruithe i sócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin in airgead tirim | (26,573) | | |
| Dímheas | 20,374 | | |
| Diúscairtí in airgead tirim | 12 | | |
| Gnóthachan ar dhiúscairtí | (1) | (6,188) | (9,346) |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 3,506 | | |
| Laghdú ar stoc | 107 | 3,613 | 2,831 |
| | | | |
| **Caiteachas díreach** | | **375,950** | **346,663** |
| | | | |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (in airgead tirim) (nóta 1.1) | | 127,516 | 118,916 |
| Measchíosanna (neamhairgid tirim) | | 11,819 | 11,431 |
| **Glanchostas cláir** | | **515,285** | **477,010** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 9 a iompraíodh in áit eile agus suimeanna a iompraíodh ar an Vóta maidir le seirbhísí eile.

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 112,003 | 103,982 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 19,038 | 18,434 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 657 | 607 |
| | | 131,698 | 123,023 |
| Costais seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vótaí eile | | | |
| Seirbhísí a sholáthair na Coimisinéirí gan mhuirear [a] | | (4,182) | (4,107) |
| | | **127,516** | **118,916** |

**Nóta** [a] Chomh maith le seirbhísí a soláthraíodh gan mhuirear do Vótaí eile atá léirithe anseo (€4.182 milliún), cuireadh seirbhísí ar luach thart ar €1.153 milliún ar fáil gan mhuirear do chomhlachtaí eile neamhvótáilte. Is meastacháin iad na suimeanna a thaispeántar.

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2019

| | Nóta | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 90,238 | 84,514 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 9,656 | 9,037 |
| Stoic | 2.3 | 1,114 | 1,221 |
| Réamhíocaíochtaí | | 9,677 | 11,422 |
| Ioncam fabhraithe | | 1,821 | 2,354 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.4 | 4,346 | 3,510 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | 26,614 | 27,544 |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speanais fhabhraithe | | 5,802 | 5,072 |
| Ioncam iarchurtha | | 88 | 63 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.5 | 11,897 | 12,141 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.6 | 2,105 | 406 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | 19,892 | 17,682 |
| **Glansócmhainní reatha** | | 6,722 | 9,862 |
| **Glansócmhainní** | | **96,960** | **94,376** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.7 | **96,960** | **94,376** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Feithiclí agus trealamh | Trealamh oifige/TF | Troscán agus feistis | Sócmhainní caipitil á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Sócmhainní comhlána** | | | | | |
| Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2019 | 18,053 | 430,609 | 63,775 | 7,734 | 520,171 |
| Breiseanna | 492 | 7,088 | 6,232 | 12,288 | 26,100 |
| Feithiclí urghafa a leithreasaíodh do na Coimisinéirí Ioncaim | 9 | — | — | — | 9 |
| Sócmhainní atá á bhforbairt a caipitlíodh | — | 13,015 | — | (13,015) | — |
| Diúscairtí | (146) | (4,055) | (57) | — | (4,258) |
| Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2019 | 18,408 | 446,657 | 69,950 | 7,007 | 542,022 |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2019 | 13,132 | 367,925 | 54,600 | — | 435,657 |
| Dímheas don bhliain | 1,579 | 16,639 | 2,156 | — | 20,374 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (146) | (4,044) | (57) | — | (4,247) |
| Dímheas carntha amhail an 31 Nollaig 2019 | 14,565 | 380,520 | 56,699 | — | 451,784 |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2019** | **3,843** | **66,137** | **13,251** | **7,007** | **90,238** |
| Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2018 | 4,921 | 62,684 | 9,175 | 7,734 | 84,514 |

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| amhail an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim | 9,600 | 8,964 |
| Iarmhéid cuntais bainc tráchtála | 56 | 73 |
| | **9,656** | **9,037** |

## 2.3 Stoic

| amhail an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Stáiseanóireacht agus stóir bheaga | 644 | 870 |
| Trealamh/éadaí/ilghnéitheach | 466 | 347 |
| Ábhar inchaite TF | 4 | 4 |
| | **1,114** | **1,221** |

## 2.4 Iarmhéideanna dochair eile

| amhail an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Airleacain i leith foirgnimh chomhroinnte | 253 | 192 |
| Óinchistí taistil | 6 | 4 |
| Caiteachas in-fhorchúitithe taistil | 26 | 28 |
| Airleacain d'Oifig na nOibreacha Poiblí d'oibreacha tógála, srl. | 2,616 | 1,105 |
| Vóta 10 An Coimisiún um Achomhairc Chánach | 195 | 99 |
| Tuarastail in-fhorchúitithe | 202 | 34 |
| Caiteachas in-fhorchúitithe na scéime pas taistil | 963 | 825 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 85 | 1,223 |
| | **4,346** | **3,510** |

## 2.5 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| amhail an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 3,490 | 3,194 |
| Muirear sóisialach uilíoch | 729 | 709 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasta | 2,304 | 1,959 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 843 | 1,478 |
| Cáin bhreisluacha | 974 | 237 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 781 | 831 |
| Cáin maoine áitiúil | 43 | 46 |
| Fáltais bhreise an Státchiste | — | 441 |
| | **9,164** | **8,895** |
| Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí | 2,469 | 2,956 |
| Caiteachas in-fhorchúitithe roimh ré | 125 | 166 |
| Míreanna creidmheasa eile ar fionraí | 139 | 124 |
| | **11,897** | **12,141** |

## 2.6 Glanmhaoiniú Státchiste

| amhail an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Farasbarr le géilleadh | 4,159 | 3,701 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (2,054) | (3,295) |
| **Glanmhaoiniú ón Státchiste** | **2,105** | **406** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 9,656 | 9,037 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 4,346 | 3,510 |
| | 14,002 | 12,547 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (9,164) | (8,895) |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | (2,733) | (3,246) |
| | (11,897) | (12,141) |
| | **2,105** | **406** |

## 2.7 Cuntas maoinithe Stáit

| | Nóta | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 94,376 | 87,846 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 382,684 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (4,159) | | |
| Vóta glan | | | 378,525 | 353,178 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1.1 | | 127,516 | 118,916 |
| Caiteachas neamhairgid thirim – measchíos | 1 | | 11,819 | 11,431 |
| Míreanna neamhairgid thirim eile – feithiclí urghafa | | | 9 | 15 |
| Glanchostas cláir | 1 | | (515,285) | (477,010) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **96,960** | **94,376** |

## 2.8 Ceangaltais

| amhail an 31 Nollaig | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Soláthar earraí agus seirbhísí [a] | 22,045 | 12,928 |

Nóta [a] Tar éis próiseas tairisceana, chuir na Coimisinéirí Ioncaim conradh deich mbliana bogearraí agus seirbhísí nua custam i bhfeidhm atá comhlíontach le Cód Custam an Aontais (CCA), le héifeacht ón 10 Bealtaine 2018. Is ionann ceangaltas na gCoimisinéirí Ioncaim faoin gconradh seo agus €11.258 milliún d'iomlán na bliana 2019 thuasluaite.

## 2.9 Dliteanais Theagmhasacha

Tá dliteanais theagmhasacha mheasta de €3.457 milliún ag na Coimisinéirí Ioncaim (2018: €2.937 milliún) a bhaineann le costais fhéideartha dlí agus chúitimh.

## Nóta 3 Caiteachas an Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá an caiteachas cláir uile aicmithe mar chaiteachas riaracháin.

| | | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | | 322,967 | 319,115 | 302,969 |
| ii | Taisteal agus cothú | | 5,100 | 6,041 | 5,227 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais eile ó lá go lá | | 25,450 | 24,976 | 23,109 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | 11,100 | 9,735 | 11,295 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | | 58,800 | 60,120 | 59,349 |
| vi | Costais áitribh oifige | | | | |
| | *Bunaidh* | 7,700 | | | |
| | *Forlíontach* | 4,104 | | | |
| | | | 11,804 | 11,133 | 7,561 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe | | 50 | 61 | 63 |
| viii | Cothabháil mótarfheithiclí agus trealaimh | | 3,100 | 3,688 | 3,498 |
| ix | Muirir dlí | | 11,300 | 12,962 | 11,010 |
| x | Cúiteamh agus caillteanais | | 500 | 1,235 | 708 |
| | | | **450,171** | **449,066** | **424,789** |

**Athruithe suntasacha**

Tugtar achoimre sa mhéid seo a leanas ar na cúiseanna le hathruithe suntasacha don chaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

**vi Costais áitribh oifige**

*Soláthar meastacháin: €7.7 milliún, toradh: €11.133 milliún*

Theastaigh meastachán forlíontach de €4.104 milliún ó na Coimisinéirí Ioncaim chun íoc as na costais chriticiúla bhonneagair Breatimeachta a thabhaigh Oifig na nOibreacha Poiblí, thar ceann na gCoimisinéirí Ioncaim, na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara agus Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Theastaigh an bonneagar ag Calafort Bhaile Átha Cliath, Europort Ros Láir agus Aerfort Bhaile Átha Cliath mar ullmhúchán don Bhreatimeacht. Ríomh Oifig na nOibreacha Poiblí gurb é €4.104 milliún an sciar den chaiteachas a bhí inchurtha i leith na gCoimisinéirí Ioncaim. Bhí €761,000 neamhchaite ag deireadh na bliana.

**x Cúiteamh agus caillteanais**

*Soláthar meastacháin: €500,000, toradh: €1.235 milliún*

Is mar thoradh ar roinnt cásanna móra aonuaire a íocadh in 2019 atá an méadú de €735,000 ar chaiteachas ar chúiteamh agus caillteanais. Féadann cúiteamh agus caillteanais a bheith deacair a mheas mar gheall ar nádúr mírialta agus fada an phróisis íocaíochtaí. Féach ar nóta 6.3.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasuithe i gcabhair

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Fáltais as seirbhísí a bhaineann leis an Scéim Árachais Shóisialaigh Pá-Choibhneasa | 37,437 | 37,437 | 37,437 |
| 2 | Fíneálacha, forghéillte nó costais dlí a aisghabhadh | 3,000 | 2,811 | 3,011 |
| 3 | Uimhreacha caomhnaithe | 150 | 193 | 165 |
| 4 | Fáltais maidir le bailiú an Tobhaigh Comhshaoil | 400 | 405 | 397 |
| 5 | Sciar an chostais bhailithe ÚSNIS (Údarú Singil do Nósanna Imeachta Simplithe) | 15,600 | 18,033 | 17,264 |
| 6 | Míreanna Ilghnéitheacha | 1,700 | 2,836 | 2,908 |
| 7 | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar fháltais seirbhíse poiblí i ndáil le foireann státseirbhíse [a] | 9,200 | 8,826 | 10,429 |
| | | **67,487** | **70,541** | **71,611** |

Nóta [a] Tagraíonn figiúr 2018 d'asbhaintí a bhaineann le pinsin. Ina n-áit seo a tháinig ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ón 1 Eanáir 2019.

**Athruithe suntasacha**

Ina iomláine, bhí leithreasuithe i gcabhair €3.054 milliún níos lú ná mar a bhí an meastachán.Tá an míniú ar na hathruithe leagtha amach thíos.

**2 Fíneálacha, forghéillte nó costais dlí a aisghabhadh**

*Measta: €3 milliún, réadaithe: €2.811 milliún*

Bhí an t-easnamh €189,000 ann mar gheall ar nádúr fada an phróisis íocaíochtaí, rud atá deacair a thuar. Tá éifeacht leanúnach na socraíochta tráthíocaíochtaí ag déanamh a bhealach tríd an bpróiseas bailiúcháin go fóill.

**5 Sciar an chostais bhailithe ÚSNIS (Údarú Singil do Nósanna Imeachta Simplithe)**

*Measta: €15.6 milliún, réadaithe: €18.033 milliún*

Leis an imréiteach lárnaithe (ar a dtugtar Údarú Singil do Nósanna Imeachta Simplithe (ÚSNIS) faoi láthair), féadann oibreoirí eacnamaíochta earraí a dhearbhú i mballstát AE amháin fad is atá na hearraí á n-iompórtáil nó á n-easpórtáil go fisiciúil i mballstát éagsúil. Baineann an méadú €2.433 milliún le méadú i ngníomhaíochtaí i mballstáit eile, rud atá deacair a thuar. Tógtar cur chuige coimeádach nuair atá an meastachán á ullmhú.

**6 Míreanna Ilghnéitheacha**

*Measta: €1.7 milliún, réadaithe: €2.836 milliún*

Baineann na fáltais seo le suimeanna a gearradh ar an Vóta sna blianta roimhe seo a forchúitíodh dá éis sin. Baineann a bhformhór le cásanna leachtaithe ina ndéantar suimeanna a fhorchúiteamh tar éis eisíocaíocht ag an leachtaitheoir, rud a fhéadann roinnt blianta a thógáil chun é a chur i gcrích, agus a bhfuil a thráthúlacht deacair a thuar. Fuarthas suim deontais AE €867,000 go déanach in 2019 i leith veain scanóra nua a cheannach.

**7 Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar fháltais seirbhíse poiblí i ndáil le foireann státseirbhíse**

*Measta: €9.2 milliún, réadaithe: €8.826 milliún*

Tá an laghdú €374,000 ann mar gheall ar an athrú ó Asbhaintí Pinsean-Choibhneasta go Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Bhreise ó mhí Eanáir 2019 a bhfuil ranníocaíochtaí níos ísle ó chatagóirí áirithe foirne mar thoradh air.

## 4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

| | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 January | 441 | 424 |
| Fáltais as airgead tirim a forghéilleadh faoi Alt 39 den Acht um Cheartas Coiriúil 1994 | 801 | 751 |
| Fáltais as sciar na hÉireann de na híocaíochtaí bliantúla faoi chomhaontú idirnáisiúnta um fhrith-ghóchumadh/fhrith-chontrabhanna le déantúsóirí domhanda toitíní | 787 | 769 |
| Socraíocht maidir le cás dlíthíochta de chuid Choimisiún an AE (arna chomhordú ag *OLAF*) | — | 316 |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (2,029) | (1,819) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | **—** | **441** |

## Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhFostaithe

| Comhionann le fostaithe lánaimseartha | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | 6,708 | 6,250 |

Ag deireadh 2019, áirítear ar an líon foirne 84 oifigeach cléireachais sealadach, trí shocrúchán Meantóireachta Toiliúil agus Ábalta agus dhá intéirneacht. Bhí formhór na n-oifigeach cléireachais sealadach gafa le riar na Cánach Maoine Áitiúla.

### 5.2 Pá

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 290,881 | 278,763 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 5,971 | 4,274 |
| Ragobair | 2,446 | 2,613 |
| ÁSPC Fostóra | 19,817 | 17,319 |
| **Pá iomlán** | **319,115** | **302,969** |

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is mó | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2019 | 2018 |
| | | | € | € |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 136 | 20 | 19,568 | 19,568 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 1,926 | 111 | 18,440 | 23,390 |
| Liúntais le haghaidh sealobair agus obair uainchláir | 520 | 79 | 26,601 | 26,489 |
| Míreanna Ilghnéitheacha | 198 | 4 | 43,330 | 18,857 |
| Luach saothair bhreise i mbreis agus catagóir amháin | 365 | 132 | 29,307 | 29,737 |

### 5.4 Dámhachtainí feidhmíochta

Caitheadh €100,000 san iomlán ar scéimeanna aitheantais foirne. Rinneadh 1,794 dámhachtain ar leithligh, ó €12 go €250.

## 5.5 Socruithe eile maidir le luach saothair

Íocadh €126,621 in iomlán le seisear ball foirne de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim in 2019 mar chúiteamh i leith caillteanas ioncaim de réir mholadh Uimhir 19995 de chuid na Cúirte Oibreachais (2018: €4,000 i ndáil le fostaí amháin).

D'íoc na Coimisinéirí Ioncaim €82,157 in iomlán in 2019 le 33 státseirbhíseach scortha agus duine seachtrach amháin i ndáil le táillí bord agallaimh, idirghabhálacha oiliúna agus costais finnéithe (2018: €57,000 a íocadh le 30 státseirbhíseach scortha). Rinneadh na híocaíochtaí de réir rátaí cuí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Folaíonn an cuntas seo caiteachas de €522,000 i leith 19 oifigeach a bhí ar seirbhís taobh amuigh de na Coimisinéirí Ioncaim ar feadh 2019 ar fad nó cuid de agus ar íoc na Coimisinéirí Ioncaim a dtuarastal (2018: €527,000 i ndáil le hochtar oifigeach).

Ní fholaíonn an cuntas seo caiteachas i leith 25 oifigeach a bhí ar seirbhís taobh amuigh de na Coimisinéirí Ioncaim ar feadh 2019 ar fad nó cuid de i Ranna/Oifigí eile Rialtais agus ar íoc na Ranna/Oifigí eile Rialtais sin a dtuarastal agus mar sin nár fhorchúitigh na Coimisinéirí Ioncaim iad.

## 5.6 Ró-íocaíochtaí párolla

| | **Líon na Bhfaighteoirí** | **2019 €000** | **2018 €000** |
|---|---|---|---|
| Ró-íocaíochtaí | 964 | 1,914 | 1,809 |
| Pleananna Aisghabhála i bhfeidhm | 475 | 760 | 808 |

Aistríodh 38 plean aisghabhála ró-íocaíochtaí i ndáil le 33 duine aonair, ar luach €23,782, chuig 12 roinn éagsúla le linn na bliana.

## 5.7 Scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta

Ní raibh aon chaiteachas ag na Coimisinéirí Ioncaim in 2019 i ndáil le scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta.

## Nóta 6 Míreanna Ilghnéitheacha

### 6.1 Nithe a díscríobhadh

Díscríobhadh na suimeanna seo a leanas le linn na bliana:

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Stoc as feidhm | 70 | 37 |

### 6.2 Muirir dlí (fo-cheannteidil A (ix))

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Rangaítear costais dlí a íocadh le linn na bliana mar seo a leanas: | | |
| Dlíodóirí seachtracha | 5,149 | 4,245 |
| Táillí abhcóide | 3,543 | 2,673 |
| Táillí agus costais eile: | | |
| Costais féimheachta/leachtaithe | 3,007 | 3,326 |
| Táillí cúirte | 151 | 94 |
| Costais agus cúitimh ilghnéitheacha | 1,112 | 672 |
| | **12,962** | **11,010** |

### 6.3 Costais chúitimh agus dlí (fo-cheannteideal A (x))

| | | | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Líon na gcásanna** | **Costais dlí íoctha ag an Oifig** | **Costais dlí bronnta** | **Cúiteamh bronnta** | **Iomlán** | **Iomlán** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Éilimh ó fhostaithe na hOifige** | | | | | | |
| Caingean dlí lena n-áirítear éilimh a rinneadh tríd an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát | 11 | 13 | 50 | 59 | 122 | 418 |
| Speansais ilghnéitheacha a d’eascair as teagmhais a bhain leis an obair | 13 | — | — | 9 | 9 | 5 |
| **Éilimh ón bpobal** | 24 | 9 | 932 | 163 | 1,104 | 285 |
| | | **22** | **982** | **231** | **1,235** | **708** |

## 6.4 Costais eadrána agus idir-réitigh

In 2019, ní raibh aon chásanna ag na Coimisinéirí Ioncaim inar tabhaíodh costais i ndáil le himeachtaí eadrána agus idir-réitigh (2018: €9,047).

## 6.5 Calaois agus calaois amhrasta

| | Líon na gcásanna | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Calaois [a] | 1 | 5 | 46 |
| Calaois amhrasta [b] | — | — | — |

Sa tréimhse ó síníodh an cuntas leithreasa, ní raibh aon chásanna nua de chalaois/mírialtachtaí amhrasta curtha in iúl don Oifig.

Nóta [a] Is ionann líon na gcásanna calaoise agus cásanna inar cuireadh imscrúdú inmheánach i gcrích, inar scoireadh an fostaí agus inar tuairiscíodh an chalaois don Gharda Síochána.

[b] Is ionann líon na gcásanna calaoise amhrasta agus cásanna atá faoi réir imscrúdú inmheánach fós agus go bhfuil cinneadh le déanamh fós maidir le cé acu an ionann na gníomhaíochtaí agus calaois.

## 6.6 Maoiniú AE

Faoi chomhaontú deontais leis an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (*OLAF*), bhí Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim i dteideal deontais go huasmhéid €515,000 nó 80% den chostas incháilithe chun veain cúlscaiptheora soghluaiste scanóra x-ghathach, a úsáideann Custaim chun trucailí agus coimeádáin a scanadh, a cheannach. Ceannaíodh an scanóir in 2018 agus fuarthas an chéad tráthíocaíocht in 2018. Fuarthas an dara tráthíocaíocht de €257,500 in 2019 agus tá sé san áireamh i gcatagóir 6 ‘Ilghnéitheach’ i leithreasuithe i gcabhair.

Faoi chomhaontú deontais le *OLAF*, tá Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim i dteideal deontais go huasmhéid €1.735 milliún nó 80% den chostas incháilithe chun an dara veain cúlscaiptheora soghluaiste scanóra x-ghathach, a úsáideann Custaim chun trucailí agus coimeádáin a scanadh, a cheannach. Ordaíodh an scanóir in 2019 agus fuarthas an chéad tráthíocaíocht de €867,000 in 2019. Tá an chéad tráthíocaíocht san áireamh i gcatagóir 6 'Ilghnéitheach' i leithreasuithe i gcabhair. Táthar ag súil leis go bhfaighfear an dara tráthíocaíocht in 2020.

## Aguisín A Cuntais faoi choimirce Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

Is éard atá liostaithe sa tábla seo a leanas ná cuntais eile faoi choimirce na hOifige ina bhfuil dualgas ar an Oifig ráitis airgeadais a chur i láthair. Léirítear ann, ag deireadh mhí Iúil 2020, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta dheireanacha agus an dáta a cuireadh i láthair an Oireachtais iad.

| Ainm an Chuntais | Tréimhse cuntasaíochta dheireanach | Dáta na tuarascála iniúch-óireachta | Dáta curtha i láthair an Oireachtais |
|---|---|---|---|
| Cuntas ar Fháltas Ioncaim an Stáit arna bhailiú ag na Coimisinéirí Ioncaim | 2019 | 17 Aib 2020 | 27 Aib 2020 |